



## Cáinainnéis 2017 – An Roinn Coimirce Sóisialaí

€19.85 billiún le caitheamh sa bhliain 2017 do 2.05m tairbhí

Méadú €5 ar ráta uasta na n-íocaíochtaí seachtainiúla go léir do phinsinéirí, do chúramóirí, do dhaoine faoi mhíchumas, do bhaintreacha, do thuismitheoirí aonair, don lucht cuardaigh fostaíochta srl. - 1.5 mhilliún tairbhí

Sínfear an intofacht don Phinsean Easláine go dtí daoine féinfhostaithe ó Mhí na Nollag 2017 agus do na Sochair Chóireála, amhail Sochar na bhFiacla, Sochar na Súl agus Sochar na hÉisteachta, ó Mhí an Mhárta 2017

Pacáiste na dtuismitheoirí aonair a chuimsíonn Liúntas nua €500 um Chostas Oideachais

Sochair Bhreise na bhFiacla agus na Súl do gach fostaí árachaithe agus do gach duine féinfhostaithe ó Mhí Dheireadh Fómhair

Méaduithe comhréireacha do dhaoine a fhaigheann íocaíochtaí ar ráta laghdaithe agus do chleithiúnaithe ar daoine fásta cáilithe iad

Bainfidh 50,000 leanbh sa bhreis tairbhe as Béalí Scoile

Cealúchán na gciorruithe ar an gCúnamh Feirme & 500 áit sa bhreis ar Scéim Shóisialta na Tuaithe

€2 mhilliún i leith tacaí réamh-ghníomhachtúcháin do dhaoine faoi mhíchumas

Daoine Óga den Lucht Cuardaigh Fostaíochta: Liúntas iomlán um Fhilleadh ar Oideachas, ranníocaíochtaí níos ísle leis an bhForlíonadh Cíosa

Íocfar Bónas na Nollag ar 85% i dtosach Mhí na Nollag le 1.2 mhilliún faighteoir

### Feabhsuithe ar phinsin sheachtainiúla

- Méadú €5 ar íocaíochtaí seachtainiúla uasta na bpinsean go léir, lena n-áirítear Pinsean Stáit (Ranníocach agus Neamh-Ranníocach), Pinsean Baintrí, Baintrí Fir, Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh agus Pinsean Míthreorach maille le méaduithe comhréireacha dóibh siúd ar rátaí laghdaithe íocaíochta.
- Méaduithe comhréireacha ar íocaíochtaí seachtainiúla do chleithiúnaithe ar daoine fásta cáilithe iad.

### Feabhsuithe ar íocaíochtaí seachtainiúla

- Méadú €5 ar gach sochar seachtainiúil uasta agus ar gach liúntas seachtainiúil uasta, lena n-áirítear Sochar Máithreachais/Atharthachta/Uchtaíoch, Sochar Breoiteachta, Pinsean na nDall, Sochar Cúramóra, Liúntas Cúramóra, Liúntas Míchumais, Pinsean Easláine, Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus Cúnamh Feirme maille le méaduithe comhréireacha do dhaoine a fhaigheann íocaíochtaí ar ráta laghdaithe. Cuimsíonn sé seo méaduithe ar chlár fostaíochta

amhail Fostaíocht Phobail, TÚS agus Scéim Shóisialta na Tuaithe.

- Méaduithe comhréireacha ar íocaíochtaí seachtainiúla do chleithiúnaithe ar daoine fásta cáilithe iad.

## Tacaí do Ranníocóirí Féinfhostaithe ÁSPC

- Tá an Pinsean Easláine á shíneadh go dtí oibrithe féinfhostaithe ó Mhí na Nollag 2017.
- Síneadh Sochar na bhFiacla agus Sochar na Súl agus scéim na bhFearas Leighis (áiseanna éisteachta) go dtí oibrithe féinfhostaithe ó Mhí an Mhárta 2017.
- Leathnófar Sochar na bhFiacla i Mí Dheireadh Fómhair do gach fostaí árachaithe agus do na daoine féinfhostaithe.
- Leathnófar Sochair na Súl i Mí Dheireadh Fómhair do gach fostaí árachaithe, agus na daoine féinfhostaithe san áireamh, chun íoc as an gcostas ar spéaclaí nó ranníocaíocht leis an gcostas, de réir mar a bheidh rogha an chustaiméara.
- Beidh daoine den lucht cuardaigh fostaíochta a rachaidh i mbun féinfhostaíochta in ann leas a bhaint as an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair i ndiaidh 9 mí, síos ó 12 mhí.
- Ráta na hAicme S den ÁSPC gan athrú sa bhliain 2017.

## Tacú le Tuismitheoirí Aonair

- Méadú €5 ar an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, ar an Íocaíocht Eatramhach do Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus ar an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas.
- Móide neamhaird ioncaim do thuismitheoirí a fhaigheann Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora agus Íocaíocht Eatramhach do Lucht Cuardaigh Fostaíochta le méadú go dtí €110 ó €90 in aghaidh na seachtaine - Eanáir. (Is éard atá sa dá bheart seo le chéile ná méadú de shuim suas le €15 sa tseachtain dóibh siúd a thuilleann os cionn €90 sa tseachtain.)
- Liúntas Nua €500 um Chostas Oideachais in aghaidh na bliana do thuismitheoirí, agus tuismitheoirí aonair san áireamh, a fhaigheann Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas.

## Leanaí

- Is ar sheirbhísí a leagtar béim an Rialtais sa Cháinainéis seo – cúram leanaí, cártaí leighis agus oideachas.
- Tá an maoiniú do Bhéilí Scoile á mhéadú go dtí €47.7 milliún sa bhliain 2017, méadú €5.7 mhilliún ó 2016, agus bainfidh breis agus 50,000 leanbh sa bhreis tairbhe as na béilí scoile.
- Méadú €15 ar leith ar ráta seachtainiúil na níocaíochtaí Caomhnóra (Ranníocach agus Neamh-Ranníocach) ó €161 go dtí €176.

## Éire faoin Tuath

- Measfar ioncam feirme agus ioncam eile ó fhéinfhostaíocht seachfheirme ar **70%**, síos ó 100%, i dtaca le Cúnamh Feirme, maille le neamhaird bhliantúil bhreise €254 do gach duine den chéad dá leanbh agus €381 don tríú leanbh agus do na leanaí eile.
- Scéim Shóisialta na Tuaithe – 500 áit sa bhreis sa bhliain 2017, rud a mhéadóidh an líon foriomlán go dtí 3,100.
- Méadú €5 ar an ráta seachtainiúil uasta den Chúnamh Feirme agus méadú €3.30 do chleithiúnaithe aosaithe.
- Tá an Pinsean Easláine á shíneadh go dtí daoine féinfhostaithe, agus feirmeoirí san áireamh –

Mí na Nollag 2017.

- Teidlíocht ar Shochair na bhFiacla agus ar Shochair na Súl d'fheirmeoirí – Mí an Mhárta 2017.
- Cáileoidh feirmeoirí do réimse sínte de Shochair na bhFiacla agus na Súl ó Mhí Dheireadh Fómhair 2017.

### **Tacaí do Lucht Cuardaigh Fostaíochta**

- Méadófar an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas de €33 in aghaidh na seachtaine ó €160 go dtí €193 do dhaoine den lucht cuardaigh fostaíochta faoi bhun 26 bliana d'aois - Meán Fómhair 2017.
- Cuirfear an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair ar fáil níos sciobtha tar éis do dhuine a bheith dífhostaithe, i ndiaidh naoi mí (athraithe ó 12 mhí).
- Laghdófar an ranníocaíocht phearsanta i leith an chíosa ó €30 go dtí €10 sa tseachtain do dhaoine idir 18 agus 24 de bhlianta d'aois a fhaigheann Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta ar €100 sa tseachtain agus ó €30 go dtí €20 dóibh siúd a fhaigheann €144 agus €160 sa tseachtain - Eanáir 2017.

### **Tacaíocht Leantach do Dhaoine Scothaosta**

- Méadú €5 ar ráta uasta na n-íocaíochtaí seachtainiúla leasa go léir do phinsinéirí atá 66 bliana d'aois agus níos sine maille le méaduithe comhréireacha do chleithiúnaithe aosaithe agus dóibh siúd atá ar rátaí laghdaithe.
- Déanfar cosaint ar an Liúntas um Chónaí Aonair agus ar an Liúntas do Dhaoine os cionn 80 Bliain d'Aois.
- Déanfar cosaint ar na Liúntais Bhreosla, ar na Sochair don Líon Tí agus ar an Saorthaisteal.

### **Tacaí do Chúramóirí**

- Leanfar den Liúntas Cúramóra a íoc go ceann tréimhse 12 sheachtain nuair a rachaidh an duine a bheidh faoi chúram isteach ar bhonn buan i gcúram cónaithe / i dteach altranais – Eanáir.
- Méadú €5 ar ráta uasta íocaíocht sheachtainiúil an tSochair Chúramóra agus an Liúntais Chúramóra.
- Leanfaidh cúramóirí den Deontas bliantúil Tacaíochta Cúramóra €1,700 a fháil i dtaca le gach duine a fhaigheann cúram.

### **Tacaí do Dhaoine faoi Mhíchumas**

- Soláthrófar maoiniú €2 mhiliún i gcomhair na dTionscadal ar mhaithe le tacaí réamh-ghníomhachtúcháin do dhaoine faoi mhíchumas sa bhliain 2017.
- Méadú €5 ar na rátaí seachtainiúla den Phinsean Easláine, den Liúntas Míchumas, de Phinsean na nDall, den Sochar Breoiteachta, den Phinsean Míthreorach.

### **Clár na Seirbhísí Pobail**

- Maoiniú €1 mhiliún sa bhreis i leith Chlár na Seirbhísí Pobail ar fud na tíre sa bhliain 2017, rud a mhéadaíonn an ciste sin go dtí €46 mhiliún. Tacaíonn an Clár le comhlachtaí deonacha agus comhlachtaí pobail ó thaobh seirbhísí áitiúla a chur ar fáil dá bpobail.

### **Íocfar Bónas na Nollag le 1.2 mhiliún duine i mbliana**

**Íocfar €221 mhiliún le faighteoirí fadtéarmacha leasa shóisialaigh i Mí na Nollag**

- Íocfar Bónas na Nollag 85% an Nollaig seo le faighteoirí íocaíochtaí fadtéarmacha Leasa Shóisialaigh (íocaíocht íosta €20).

**Gheobhaidh na daoine a fhaigheann na híocaíochtaí seo a leanas an Bónas:**

- Pinsin Stáit agus Pinsin Bhaintrí/Bhaintrí Fir/Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh

- Pinsean Easláine, Pinsean na nDall, Liúntas Míchumais, Liúntas Cúramóra, Liúntas Cúraim Bhaile, Íocaíochtaí Caomhnóra.
- Liúntas Fadtéarmach do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, lena n-áirítear Íocaíocht Eatramhach do Lucht Cuardaigh Fostaíochta, Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Sochar agus Liúntas do Bhancheile Tréigthe, Cúnamh Feirme
- Liúntas um Fhilleadh ar Obair, Fostaíocht Phobail, Scéim Shóisialta na Tuaithe, TÚS, Tairseach/Gateway, Tionscnamh Post.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, déan seiceáil ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie) agus [www.citizensinformation.ie](http://www.citizensinformation.ie). Cuir glao gutháin ar an Roinn Coimirce Sóisialaí ar 071-9193302 nó 1890 66 22 44 (íosghlao) idir 9rn agus 5in ó Luan go hAoine. Cuir glao gutháin ar an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar 0761 07 4000, idir 9rn agus 8in ó Luan go hAoine. Déan teagmháil le do Lárionad Intreo áitiúil, d’Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó d’Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh. Féadfaidh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as uimhreacha 1890 (íosghlao). Is mar threoir amháin atá an Bhileog Fíricí seo agus ní airbheartaíonn sí a bheith ina léirmhíniú dlíthiúil.

Rátaí Seachtainiúla Uasta Tabhair faoi deara: Is é Márta 2017 dáta tosaigh na méaduithe ar na rátaí		Ráta Pearsanta		Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe		Méadú do Leanbh Cáilithe
<u>Íocaíochtaí Árachais Shóisialaigh</u>		2016	2017	2016	2017	2016/2017
Pinsean Stáit (Ranníocach)		€	€	€	€	€
- Faoi bhun 80 Bliain d'Aois		233.30	238.30	155.50 *	158.80 *	29.80
- 80 Bliain d'Aois agus níos sine		243.30	248.30	209.00**	213.50**	29.80
Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)/ Sochar do Bhanchéile Tréigthe						
- Faoi bhun 66 Bliana d'Aois		193.50	198.50			
- 66 Bliana d'Aois agus faoi bhun 80 Bliain d'Aois		233.30	238.30			
- 80 Bliain d'Aois agus níos sine		243.30	248.30			29.80
Pinsean Easláine		193.50	198.50	138.10	141.70	29.80
Sochar Cúramóra/Liúntas Síorfheastail		205.00	210.00			29.80
Sochar Míthreorach		219.00	224.00			
Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta/Breoiachta/Sláinte & Sábháilteachta/Díobhála		188.00	193.00	124.80	128.10	29.80
Sochar Máithreachais/Uchtaíoch/Atharthachta		230.00	235.00			
Sochar Báis						
- Faoi bhun 66 Bliana d'Aois		218.50	223.50			29.80
- 66 Bliana d'Aois agus faoi bhun 80 Bliain d'Aois		237.70	242.70			29.80
- 80 Bliain d'Aois agus níos sine		247.70	252.70			29.80

<u>Íocaíochtaí Cúnamh Shóisialaigh</u>						
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)						
- 66 Bliana d'Aois agus faoi bhun 80 Bliain d'Aois		222.00	227.00	146.70	150.00	29.80
- 80 Bliain d'Aois agus níos sine		232.00	237.00			29.80
Liúntas Cúramóra						
- Faoi bhun 66 Bliana d'Aois		204.00	209.00			29.80
- 66 Bliana d'Aois agus níos sine		242.00	247.00			29.80
Liúntas Míchumais/Pinsean na nDall		188.00	193.00	124.80	128.10	29.80
Pinsean Baintrí/Baintrí Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)		188.00	193.00			
Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora		188.00	193.00			29.80
Liúntas Réamhscoir/Liúntas do Bhanchéile Tréigthe		188.00	193.00	124.80	128.10	29.80
Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta – 26 bliana d'aois nó níos sine		188.00	193.00	124.80	128.10	29.80
- 25 Bliana d'Aois		144.00	147.80	124.80	128.10	29.80
- 18 -24 de Bhlianta d'Aois		100.00	102.70	100.00	102.70	29.80
Liúntas Forlíontach Leasa – 26 Bliana d'Aois nó níos sine		186.00	191.00	124.80	128.10	29.80
- 25 Bliana d'Aois		144.00	147.80	124.80	128.10	29.80
- 18 -24 de Bhlianta d'Aois		100.00	102.70	100.00	102.70	29.80
Cúnamh Feirme		188.00	193.00	124.80	128.10	29.80

\* dóibh siúd atá faoi bhun 66 bliana d'aois  
 \*\* dóibh siúd atá 66 bliana d'aois nó níos sine

Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh (FIT)		
Líon an Teaghlaigh	Teorainn Ioncaim 2016	Teorainn Ioncaim 2017
1 leanbh	€511	€511
2 leanbh	€612	€612
3 leanbh	€713	€713
4 leanbh	€834	€834
5 leanbh	€960	€960
6 leanbh	€1,076	€1,076
7 leanbh	€1,212	€1,212
8 leanbh nó níos mó	€1,308	€1,308

Leanfar de leibhéal na híocaíochta FIT a bhunú ar 60% den easnamh idir glanioncam seachtainiúil an teaghlaigh agus tairseach sheachtainiúil infheidhmithe an teaghlaigh.

Sochar Linbh		
	Ráta 2016	Ráta 2017
Ráta Míosúil	€140 <u>in aghaidh an linbh</u>	€140 <u>in aghaidh an linbh</u>

Cúplaí – Íoctar Sochar Linbh ar oiread go leith (150%) den ghnáthrata míosúil do gach leanbh.  
 Gach ilbhreith eile – Íoctar Sochar Libh ar a dhá oiread (200%) den ghnáthrata míosúil do gach leanbh.

<u>Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh Eile</u>		
	2016 gach seachtain	2017 gach seachtain
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)	€161.00	€176.00
Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach)	€161.00	€176.00

	2016 gach mí	2017 gach mí
Liúntas Cúraim Bhaile	€309.50	€309.50

	2016 sa bhliain	2017 sa bhliain
Deontas Tacaíochta Cúramóra	€1,700	€1,700

	2016 – íocaíocht aonuaire	2017 - íocaíocht aonuaire
Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	€6,000	€6,000

	2016 gach seachtain	2017 gach seachtain
Liúntas Breosla	€22.50	€22.50